



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/261 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Eanáir 2024

maidir le húdarú bláthola piobair dhuibh agus oiléaroisín piobair dhuibh ó *Piper nigrum* L. mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus eastóscáin fhorchriticiúil piobair dhuibh ó *Piper nigrum* L. mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat agus madraí

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin déantar foráil maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
- (2) Údaraíodh na substaintí bláthola piobair dhuibh agus oiléaroisín piobair dhuibh ó *Piper nigrum* L. agus eastóscán forchriticiúil piobair dhuibh ó *Piper nigrum* L. gan teorainn ama i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch. Cuireadh na substaintí sin isteach i gClár na mBreiseán Beathaithe ina dhiaidh sin mar tháirge a bhí ann cheana a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe' i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas maidir le húdarú bláthola piobair dhuibh, oiléaroisín piobair dhuibh agus eastóscáin forchriticiúil piobair dhuibh ó *Piper nigrum* L. mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, inar iarradh go n-aicmeofaí na breiseáin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin. Ina dhiaidh sin, tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas ar údarú d'eastóscán forchriticiúil piobair dhuibh ó *Piper nigrum* L. a mhéid a bhaineann lena úsáid i gcás gach speicis ainmhíoch seachas cait agus madraí.
- (4) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí na breiseáin lena n-úsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní chheadaítear 'comhdhúile blaitithe' a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseán sin in uisce óil a cheadú.
- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 27 Meán Fómhair 2022 ⁽³⁾, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, go bhfuil bláthola piobair dhuibh, eastóscán forchriticiúil piobair dhuibh agus oiléaroisín piobair dhuibh ó *Piper nigrum* L. sábháilte don spriocspeiceas, do na tomhaltóirí agus don chomhshaol. Tháinig sé ar an tuairim freisin gur cheart bláthola piobair dhuibh, eastóscán forchriticiúil piobair dhuibh agus oiléaroisín piobair dhuibh a mheas mar ghreannaitheoirí don chraiceann agus do na súile, agus mar íogróirí deirmeacha agus riospráide. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid thairis sin ós rud é go bhfuil na substaintí aitheanta mar bhlastáin bhia agus ós rud é go mbeadh an fheidhm chéanna acu i mbeatha, go bunúsach, is atá acu i mbia, nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar na breiseáin bheathaithe i mbeatha arna chur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(11):7599

- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann bláthola piobair dhuibh, oiléaroisín piobair dhuibh agus eastóscán forchriticiúil piobair dhuibh ó *Piper nigrum* L. na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú. Measann an Coimisiún nach gá uasleibhéil a shocrú le haghaidh na substaintí lena mbaineann ar chúiseanna sábháilteachta. Leis an gcorrlach mór teagmhála agus leis an easpa substaintí ar údar imní iad, is féidir uaschionta molta a leagan síos. Chun rialú níos fearr a leagan síos, ba cheart an t-uaschion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar na cionta sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán lena mbaineann. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí na mbreiseán a chosc.
- (7) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na substaintí lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'comhdhúile blaitithe' údaraítear iad mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí sin iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 7 Lúnasa 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 7 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 7 Feabhra 2025 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 7 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.
3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn iontu, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 7 Feabhra 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 7 Feabhra 2024, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteor- ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b347-eo	Bláthola piobair dhuibh	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Bláthola piobair dhuibh a fhaightear ó thorthaí <i>Piper nigrum</i> L. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Bláthola piobair dhuibh a fhaightear trí dhriogadh gaile torthaí neamhaibí triomaithe agus brúite ó <i>Piper nigrum</i> L..mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾ . Sonraíochtaí — b-Caraifilléin: 12-40 % — Liomóinéin: 7-20 % — Saibinéin (4(10)-túighéin): 4-17 % — a-Pinéin (pin-2(3)-éin): 2,5-16 % — Safról: ≤ 0.0003 % Uimhir CAS: 8006-82-4 Uimhir FEMA: 2845 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 347	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	1 Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2 Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3 Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 5 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú — 7 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú — 8 mg le haghaidh éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin, — 9,5 mg le haghaidh banbh, bainbh de chineál mionspeicis <i>Suidae</i> agus muca lena ramhrú de mhionspeicis <i>Suidae</i> — 11,5 mg le haghaidh muca lena ramhrú — 14 mg le haghaidh cránacha — 14 mg le haghaidh ba déiríochta agus mionspeicis athchogantacha déiríochta seachas caoirigh déiríochta agus gabhair déiríochta — 20 mg le haghaidh athchogantaigh lena ramhrú seachas caoirigh agus gabhair — 20 mg le haghaidh caorach agus gabhar — 20 mg le haghaidh capall — 8,5 mg le haghaidh coiníní — 20 mg le haghaidh iasc	an 7 Feabhra 2034

		<i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Chun an marcóir fíticheimiceach β-caraifilléin a chinneadh: crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID)) bunaithe ar ISO 3061.					— 20 mg le haghaidh madraí agus cat — 5 mg le haghaidh éin ornáideacha — 5 mg le haghaidh speicis agus catagóirí eile ainmhithe’. 4 I gcás ina sárófaí an cion dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d’fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh análaithe pearsanta, súl agus craicinn a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	
--	--	--	--	--	--	--	---	--

⁽¹⁾ *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2] (2007).

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: <https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports>

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarathe
					mg den tsubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaitithe								
2b347-ex	Eastóscán forchriticiúil piobair dhuibh	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Eastóscán forchriticiúil piobair dhuibh a fhaightear ó thorthaí <i>Piper nigrum</i> L. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Eastóscán forchriticiúil piobair dhuibh a fhaightear trí eastóscadh forchriticiúil CO ₂ ó thorthaí neamhaibí triomaithe agus brúite de <i>Piper nigrum</i> L. (gan aon tuaslagóir breise curtha leis) mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾ . Sonraíochtaí — β-Caraifilléin: 8-30 % — Liomóinéin: 10-18 % — Saibinéin (4(10)-túighéin): 5-17 % — α-Pinéin (pin-2(3)-éin): 7-18 % — Safról: ≤ 0.0003 % Uimhir Chomhairle na hEorpa: 347	Cait agus madraí	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 1,5 mg le haghaidh cat agus madraí.' 4. I gcás ina sárófaí an cion dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachta beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú le nósanna imeachta agus bearta den chineál sin, is le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin.	an 7 Feabhra 2034

		Modh anailíse ⁽²⁾ Chun an marcóir fíticheimiceach β-caraifilléin a chinneadh: crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) bunaithe ar ISO 3061.						
⁽¹⁾ <i>Natural sources of flavourings</i> - Report No. 2 [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2] (2007). ⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports								

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois uasta	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaráithe
					mg den tsubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b347-ór	Oiléaroisín piobair dhuibh	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid d'oiléaroisín piobair dhuibh a fhaightear ó thorthaí <i>Piper nigrum</i> L. Foirm leachtach <i>Tréithriú na substainte gníomhaí</i> Oiléaroisín piobair dhuibh a tháirgtear trí eastóscadh tuaslagóirí orgánacha torthaí neamhaibí triomaithe ó <i>Piper nigrum</i> L. mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ⁽¹⁾. Sonraíochtaí — Pípirín: 20-50 % — Safról: ≤ 0,0003 % Uimhir CAS: 84929-41-9 Uimhir FEMA: 2846 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 347 <i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Chun an marcóir fíticheimiceach pípirín a chinneadh: crómatagrafaíocht leachta ardfeidhmíochta cúpláilte le brath fótaiméadrach (HPLC-UV) bunaithe ar ISO 11027.	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: 'Uaschion molta na substainte gníomhaí/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — 1 mg le haghaidh sicíní lena ramhrú agus mionspeicis éanlaithe clois lena ramhrú — 1,3 mg le haghaidh turcaithe lena ramhrú — 1,4 mg le haghaidh éanlaith chlóis le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin — 1,7 mg le haghaidh banbh, bainbh de mhionspeicis <i>Suidae</i> agus muca lena ramhrú de mhionspeicis <i>Suidae</i> — 2 mg le haghaidh muca lena ramhrú — 2,5 mg le haghaidh cránacha — 2,4 mg le haghaidh ba déiríochta agus mionsepicis athchogantacha déiríochta seachas caoirigh déiríochta agus gabhair déiríochta — 12,5 mg le haghaidh laonna lena ramhrú — 11,5 le haghaidh athchogantaigh lena ramhrú seachas caoirigh agus gabhair — 11,5 mg le haghaidh caorach agus gabhar — 11,5 mg le haghaidh capall — 1,5 mg le haghaidh coiníní	An 7 Feabhra 2034

						<
--	--	--	--	--	--	---